Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

9474/1/25
REV 1 ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0232 (COD)**

**ENV 414**
**CLIMA 174**
**AGRI 228**
**FORETS 29**
**RECH 248**
**TRANS 210**
**CODEC 696**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach), a ghlacadh<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Is é is aidhm don togra an tAontas a chur ar chonair i dtreo ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Fágann sé go bhfuil sé éigeantach faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach, cuirtear tús le bainistiú inbhuanaithe ithreach a chur chun feidhme de réir a chéile agus leagtar síos bearta chun dul i ngleic le héilliú ithreach. Tá an togra i gcomhréir le Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh 2021, ar cuid thábhachtach í den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030.

2. Tá an dréacht-treoir bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. I bParlaimint na hEorpa, ainmníodh an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) mar an coiste ceannais don chomhad seo. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024.

4. An 25 Deireadh Fómhair 2023, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh, mar a rinne Coiste na Réigiún an 19 Meitheamh 2024.

5. Chuir an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis i láthair ag an Meitheal um an gComhshaol an 27 Iúil (físchomhdháil) agus an 6 Deireadh Fómhair 2023. Lean an Mheitheal um an gComhshaol de scrúdú a dhéanamh ar an togra le linn Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge. D’fhormheas an Chomhairle (Comhshaol) a Cur Chuige Ginearálta an 17 Meitheamh 2024.

6. Ina dhiaidh sin, tionóladh trí chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla neamhfhoirmiúla an 22 Deireadh Fómhair 2024, an 12 Nollaig 2024 agus an 9 Aibreán 2025 as ar tháinig comhaontú sealadach idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa. An 21 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh mar a comhaontaíodh é go sealadach ag cruinniú tríthaobhach neamhfhoirmiúil an 9 Aibreán 2025.

7. Vótáil Coiste ENVI Pharlaimint na hEorpa i bhfabhar an téacs comhréitigh chéanna an 4 Meitheamh 2025. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach Choiste ENVI litir dar dháta an 5 Meitheamh 2025 chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán comhaontaithe, go molfadh sé don suí iomlánach an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir dearbhú dlítheangeolaíoch.

## II. CUSPÓIR

8. Is é cuspóir foriomlán na Treorach atá beartaithe an tAontas a chur ar chonair i dtreo ithreacha sláintiúla faoi 2050 trí bhearta a leagan síos le haghaidh faireachán comhchuibhithe ar fud an Aontais a chuireann le córais náisiúnta, agus chun measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach agus ar athléimneacht ithreach agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chomh maith le dul i ngleic le láithreáin éillithe.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

9. Tá gnéithe sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

   i. Leis an gcreat faireacháin ithreach, ceadaítear leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe agus solúbthachtaí is gá do na Ballstáit chun cur chun feidhme a éascú. Neartaíodh faireachán ar roinnt gnéithe tábhachtacha de shláinte ithreach, mar shampla bithéagsúlacht ithreach agus éilleáin ithreach, lena n-áirítear PFAS agus lotnaidicídí. Leis an gcúnamh deonach ón gCoimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach agus samplaí ithreach a stóráil, thacófaí a thuilleadh leis an gcur chun feidhme i gcás inar gá.

   ii. Déantar foráil sa dréacht-treoir maidir le tacaíocht d'úinéirí talún agus do bhainisteoirí talún chun iad a spreagadh agus chun cabhrú leo sláinte ithreach agus athléimneacht ithreach a fheabhsú.

   iii. A mhéid a bhaineann le tógáil talún, dírítear sa chomhaontú sealadach ar fhaireachán a dhéanamh ar na gnéithe is infheicthe de, séalú ithreach agus baint ithreach agus leagtar síos ann prionsabail áirithe chun tionchair séalú ithreach agus baint ithreach a mhaolú.

iv. Tá bainistiú <u>láithreán éillithe</u> bunaithe ar chur chuige céim ar chéim agus rioscabhunaithe.

v. Is sprioc mhianaidhme fós í <u>sprioc 2050</u> maidir le hithreacha sláintiúla a bhaint amach fós.

## IV. CONCLÚID

10. Leis an seasamh ón gComhairle, cuirtear le príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

11. Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta. A luaithe a ghlacfar í, cuirfear an chéad chreat tiomnaithe maidir le hithir ar fáil leis an Treoir agus rannchuideofar le hithreacha sláintiúla a bhaint amach san Aontas.